Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Seabhaic an Cheartais Aeráide

Do: **Phríomh-Idirbheartaithe Sheabhaic an Cheartais Aeráide**
Ábhar: **Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide**

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí i bhfios gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é ... Is léir ón taighde eolaíoch is fearr go bhfágfaidh aon ardú teochta thar 1.5 °C go ndéanfar damáiste mór do-aisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn ... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart ... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid an talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagar ... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2 °C [3.6 °F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5 °C [2.7 °F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin bhfianaise eolaíoch: fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh sláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

Ar bhaill bhur ngrúpa tá eagraíochtaí comhshaoil seanbhunaithe móra agus gluaiseachtaí nua na n-óg, a bhfuil na milliúin duine rannpháirteach iontu. Áirítear sa ghrúpa freisin ionadaithe ó na pobail is leochailí, mar shampla, náisiúin oileánacha bheaga agus pobail dhúchasacha, a ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh dáiríre agus a bhfuil a gcumas chun feidhmiú agus maireachtáil ag brath ar ár gcumas an téamh domhanda a theorannú ag 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Labhróidh sibh ar son na todhchaí, daoine bochta agus na ndaoine is leochailí ar domhan.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

1. **Teorainn is lú ná 2 °C a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5 °C a bhaint amach, a mhéid is féidir.** Fiú más féidir an téamh domhanda a theorannú ag 2 °C, is mó fós na drochthionchair a bheidh ag an athrú aeráide ar dhaoine óga agus na pobail leochaileacha sin ar lú a dtionchar air, agus is minice a bheidh ar na daoine agus na pobail sin déileáil le hadhaimsir, tuillte, triomaigh, tonnta teasa agus géarchéimeanna sláinte poiblí. Tríd an gcomhaontú is láidre is féidir a fháil maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, déanfar an tionchar ar na daoine i náisiúin atá i mbéal forbartha, pobail dhúchasacha, daoine bochta agus daoine óga a mhaolú.

2. **Úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite amháin a bhaint amach trí ardphraghas a chur ar astaíochtaí carbóin, fóirdheontais a thabhairt isteach d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus cánacha a ghearradh ar bhreoslaí iontaise.** Is iad na hastaíochtaí ó bhreoslaí iontaise (gual, ola, gás nádúrtha) is mó a chuireann leis an athrú aeráide. Ní mór deireadh a chur láithreach le heastóscadh breoslaí iontaise agus an carbón a fhágáil faoin talamh. Tá eacnamaithe ar aon intinn gurb é an bealach is fearr chun astaíochtaí domhanda a laghdú ná praghas a ghearradh ar astaíochtaí dé-ocsaíde

carbóin (CO_2) le gur féidir na costais chomhshaoil agus shóisialta a bhaineann leo (go mór os cionn $50 in aghaidh an tonna de CO_2) a léiriú. D'fhéadfadh sibh smaoineamh freisin ar fhóirdheonú a dhéanamh ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, cáin a ghearradh ar ghual, ola agus gás agus/nó rialú a dhéanamh orthu.

3. **Dífhoraoisiú a laghdú.** Tá meath mór ag teacht ar fhoraoisí an domhain. Is é an dífhoraoisiú is cúis le tuairim is 15 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Ní mór gníomhú chun na foraoisí atá fós ann a chosaint, mar aon leis na daoine a bhfuil cónaí orthu iontu nó atá ag brath orthu, lena n-áirítear pobail dhúchasacha. Trí na foraoisí a chosaint, tugtar cosaint freisin do sholáthairtí fionnuisce, acmhainní nádúrtha agus an bhithéagsúlacht.

4. **Bígí ar bhur bhfaichill ar iarrachtaí a chuireann táirgeadh domhanda bia agus cearta talún i mbaol.** D'fhonn beartais maidir le foraoisiú, bithbhreoslaí agus modhanna bainte carbóin, amhail bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin, a chur chun feidhme go forleathan, beidh gá le limistéir mhóra talún, rud a d'fhéadfadh táirgeadh bia a chur i mbaol agus brú a chur ar phobail dhúchasacha agus daoine bochta a mbailte a fhágáil. Ba cheart smaoineamh ar an talamh a bheidh ag teastáil le haghaidh aon bheartas ar leith.

5. **Brústocaireacht a dhéanamh ar ghrúpaí eile agus gníomh láidir a spreagadh.** Mar ghníomhaithe neamhspleácha, níl sibh ag gníomhú chun bhur leasa féin. Níl mórán cumhachta agaibh, áfach, i gcomparáid le rialtais agus tionscal na mbreoslaí iontaise. Déanfaidh tionscal na mbreoslaí iontaise iarracht bhur ngrúpa agus na daoine a ndéanann sibh ionadaíocht orthu a imeallú agus a chur in iúl mar dhaoine soineanta aineolacha. Déanfaidh siad iarracht amhras a chaitheamh ar an eolaíocht aeráide trí bhéim a chur ar an éiginnteacht agus leas a bhaint as na cleasa cliste a d'úsáid an tionscal tobac ar feadh blianta fada chun mearbhall a chur ar an bpobal agus moill a chur ar ghníomhaíocht a dhéanamh. Is féidir aon teaicticí neamhfhoréigneacha oiriúnacha a úsáid chun aird na ndaoine atá i gcumhacht a tharraingt. B'fhiú smaoineamh ar léirsithe síochánta agus óráidí díocasacha. Ba cheart ról an mhorálaí mhóir a tharraingt oraibh féin agus a mheabhrú do dhaoine céard atá uaibh – is é sin domhan a chruthú inar féidir le gach leanbh agus duine a bheith rathúil.

Breithnithe breise

Tá borradh faoin ngluaiseacht aeráide. Is léir ón eolaíocht go bhfuil an t-athrú aeráide linn cheana féin de dheasca gníomhaíochtaí daonna den chuid is mó agus mura ndéantar athrú ar an gcás, beidh iarmhairtí uafásacha ann do rathúnas, sláinte agus saol na ndaoine. Is iad na daoine óga sa lá atá inniu ann na daoine is mó atá i mbaol. Tugadh isteach iad i ngeilleagar atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise nár chuir siad leis, ach is iadsan atá i mbaol a bheith fágtha i ndomhan bocht contúirteach, domhan gan an éagsúlacht shaibhir plandaí agus ainmhithe ar bhain na glúnta roimhe seo tairbhe astu. Is saincheist ceartais é an t-athrú aeráide. Dá luaithe a dhéanfaidh gnólachtaí, tomhaltóirí agus náisiúin astaíochtaí a laghdú, is amhlaidh is dóichí go n-éireoidh linn agus is éasca a bheidh an t-aistriú.

Má dhéantar laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, beidh sochair sláinte poiblí agus sochair shóisialta ann, lena n-áirítear cáilíocht aeir agus uisce níos fearr, cathracha níos glaise, slándáil fuinnimh agus bia, sláinte níos fearr, poist nua agus seasmhacht níos fearr. Más féidir an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 1.5 °C seachas 2 °C, d'fhéadfaí 100 milliún duine a chosaint ar ghanntanas uisce, suas le 2 bhilliún duine a chosaint ar thonnta teasa contúirteacha agus a lán speiceas plandaí agus ainmhithe a chosaint ar dhíothú. Leis na gníomhaíochtaí chun na spriocanna aeráide sin a bhaint amach, is dócha go bhféadfaí $20 trilliún de thairbhí domhanda a chruthú agus, san am céanna, neamhionannas eacnamaíoch domhanda a laghdú. Tá sé ráite go soiléir ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go bhfuil aistriú den chineál seo indéanta ó thaobh na fisice agus na ceimice de agus déanann sé cur síos ar bhealaí éagsúla chun an sprioc sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí an lae inniu (https://www.ipcc.ch/sr15/).

Beidh éifeachtaí éagsúla ag an athrú aeráide. Is mór an éagóir é gur mó an tionchar a bheidh ag an téamh domhanda ar na daoine sin ar lú a dtionchar air agus a bhfuil an méid is lú acmhainní agus bonneagar acu chun dul i ngleic leis. Ar na réigiúin is leochailí ar domhan tá an Afraic fho-Shahárach, an Áise Theas agus Thoir Theas, Meiriceá Laidineach, agus náisiúin oileánacha san Aigéan Ciúin agus ar fud an domhain. Tá roinnt tíortha i mbéal forbartha ag brath go mór ar earnálacha aeráid-íogaire, amhail an

talmhaíocht, an fhoraoiseacht agus an turasóireacht. Fiú i dtíortha forbartha, is iad na daoine bochta, feirmeoirí agus pobail leochaileacha eile is mó a bhíonn thíos leis an athrú aeráide.

Tá dúshlán roimh an domhan nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Go n-éirí libh. Tá an todhchaí ag brath ar an rath a bheidh oraibh.

Arna fhorbairt ag Climate Interactive, MIT Sloan School of Management Sustainability Initiative, ESB Business School, agus ag UMass Lowell Climate Change Initiative Meán Fómhair 2019 a tugadh cothrom le dáta go deireanach. *www.climateinteractive.org*